



**VACSÁIN  
COVID-19**  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

# An Vacsáin in aghaidh **COVID-19**

Eolas Tábhachtach maidir le  
Vacsáin Janssen in aghaidh  
COVID-19

Leagan 7  
29 Iúil 2021



**Rialtas na hÉireann**  
Government of Ireland

## Maidir leis an mbileog eolais seo

Sa bhileog seo, tugtar eolas duit faoin vacsaín in aghaidh COVID-19 (coróinvíreas).

Insítear duit:

- céard is COVID-19 ann
- céard í an vacsaín in aghaidh COVID-19
- cé na daoine ar cheart dóibh an vacsaín a fháil
- cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an vacsaín a fháil
- cé na daoine nár cheart dóibh í a fháil agus cé na daoine ar cheart dóibh an vacsaíniú a chur siar
- sábháilteacht na vacsaíne agus na fo-iarmhairtí
- na háiteanna ar féidir teacht ar a thuilleadh eolais

**Léigh an bhileog eolais seo go cúramach. Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte faoin vacsaín freisin – do Dhochtúir Teaghlaigh nó do Chógaiseoir, cuir i gcás.**

## Céard is COVID-19 ann?

**Is tinneas é COVID-19 a d'fhéadfadh cur isteach ar do scamhóga agus ar d'aerbhealaí, chomh maith le codanna eile de do chorp i gcásanna áirithe. Víreas darb ainm coróinvíreas is cúis leis.**

Tá COVID-19 an-tógálach. Is tríd an aer a scaiptear é trí na braoiníní a chuirtear amach nuair a bhíonn daoine ag casacht nó ag sraothartach, é sin nó nuair a leagann duine lámh ar dhromchlaí a bhfuil na braoiníní sin orthu agus ansin leagann an lámh chéanna ar a shúile, srón nó béal.

Is féidir le COVID-19 breoiteacht thromchúiseach a chur ar dhuine, é nó í a chur san ospidéal nó a bheith ina chúis le bás fiú amháin.

### **I measc shiomptóim choitianta COVID-19, tá:**

- fiabhras (teocht ard 38 céim Celsius nó os a chionn)
- casacht nua – casacht de chineál ar bith, ní gá go mbeadh sí tirim
- giorra anála nó deacrachtaí análaithe
- caillteanas nó athrú bolaidh nó blaiste – ciallaíonn sé seo go bhfuil sé tugtha faoi deara agat nach féidir leat aon rud a bholadh ná a bhlaiseadh, nó go bhfuil boladh nó blas difriúil air

B'fhéidir nach mbeadh na siomptóim sin ar fad ort nó b'fhéidir nárbh ann ach go mbeifeá ag aireachtáil ní ba mheasa ná mar is gnách. Uaireanta tógann sé suas le 14 lá sula bhfeictear siomptóim. Is féidir leo a bheith cosúil le siomptóim shlaghdáin nó flú.

Má tá aon siomptóim COVID-19 ort, déan tú féin a fhéinleithlisiú (fan i do sheomra) agus faigh tástáil COVID-19.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le COVID-19, téigh chuig

**[www.hse.ie/coronavirus](http://www.hse.ie/coronavirus)** nó cuir glao ar HSELive ar **1800 700 700**.

## Cé hiad na daoine is mó atá i mbaol COVID-19?

Is iad daoine breacaosta agus daoine a bhfuil riochtaí áirithe sláinte orthu cheana féin na daoine is mó atá i mbaol breoiteacht thromchúiseach má tholgann siad COVID-19.

## Céard í an vacsaín in aghaidh COVID-19?

Is éard is vacsaín ann ná substaint arb aidhm léi imdhíonacht (cosaint) in aghaidh galar áirithe a fheabhsú. Tabharfaidh an vacsaín in aghaidh COVID-19 cosaint duit ar COVID-19. Má dhéantar vacsaíniú ar dhaoine, ba cheart go laghdófaí líon na ndaoine inár bpobal a éireodh go dona tinn nó a gheobhadh bás fú le COVID-19.

Múineann vacsaíní do do chóras imdhíonachta cén chaoi tú a chosaint in aghaidh galar. Tá sé i bhfad níos sábháilte do do chóras imdhíonachta an méid sin a fhoghlaim trí vacsaíniú ná trí COVID-19 a tholghadh.

## Cé na daoine ar cheart dóibh an vacsaín a fháil?

Is féidir leat teacht ar liosta de na grúpaí atá le vacsaíniú ar an láithreán gréasáin seo: **[www.gov.ie/covid19vaccine](http://www.gov.ie/covid19vaccine)**

Cé gur fútsa atá sé an cinneadh a dhéanamh cibé acu an vacsaín a fháil nó gan í a fháil, molann FSS, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Roinn Sláinte go láidir duit í a fháil a luaithe a thairgfear duit í.

Tabharfar na vacsaíní do dhaoine de réir mar a thiocfaidh na soláthairtí i dtír in Éirinn.

Nuair a thiocfaidh an t-am, cuirfimid in iúl duit cén chaoi an vacsaín a fháil trí fhógraíocht nó trí chuireadh a thabhairt duit go díreach. Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí teagmháil le FSS maidir le vacsaíniú roimhe sin.

Beidh ort an bhileog seo agus Bileog Eolais an Mhonoróra d'Othair a léamh sula bhfaighidh tú an vacsaín. Is féidir leat teacht ar Bhileog Eolais an Mhonoróra d'Othair ar: **[www.hse.ie/covid19vaccinePIL](http://www.hse.ie/covid19vaccinePIL)**.

Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte roimh ré chomh maith. Má dhéanann tú an cinneadh an vacsaín a fháil, beidh ort do chead a thabhairt agus cuirfear an cead sin ar taifead.

Tá an vacsaín á cur ar fáil ag FSS saor in aisce.

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil?

Ba cheart go laghdódh an vacsaín an baol go dtolfá COVID-19 agus go gcosnódh sí thú in aghaidh na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann leis. Tríd an vacsaín a thairiscint don phobal, is é an aidhm atá againn ná daoine a chosaint agus an tinneas agus na básanna arb é an víreas is cúis leo a laghdú.

## Bhí COVID-19 orm cheana, an gá dom an vacsaín a fháil?

Tá. Fiú má bhí COVID-19 ort cheana féin, d'fhéadfá é a tholghadh arís.

Laghdóidh an vacsaín an riosca go dtolfá COVID-19 arís. Fiú má tholgann tú COVID-19 arís, táthar ag súil nach mbeadh na siomptóim chomh tromchúiseach céanna mar thoradh ar an vacsaín.

## Tá COVID-19 orm anois, ar cheart dom an vacsaín a fháil?

Níor cheart. Ba cheart duit an vacsaíniú a chur siar go dtí go dtiocfaidh tú chugat féin ó COVID-19.

### Fan:

- ceithre seachtaine ar a laghad tar éis duit na siomptóim a thabhairt faoi deara den chéad uair nó
- ceithre seachtaine tar éis toradh dearfach a fháil ar thástáil le haghaidh COVID-19

## An vacsaín a fháil

### Cé hé nó cé hí mo vacsaíneoir?

Is é an vacsaíneoir an duine a thabharfaidh an vacsaín duit. Cuireann FSS oiliúint air nó uirthi chun vacsaíní COVID-19 a thabhairt.

### An féidir leis an vacsaín COVID-19 a thabhairt duit?

Ní féidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a thabhairt duit. B'fhéidir gur tholg tú COVID-19 sula bhfuair tú an vacsaín agus nár thug tú na siomptóim faoi deara go dtí i ndiaidh do choinne vacsaínithe.

Má tá aon siomptóim COVID-19 ort, is den ríthábhacht é tú féin a fhéinleithlisiú (fan i do sheomra) agus tástáil saor in aisce a shocrú lena fháil amach an bhfuil COVID-19 ort.

Má tá fiabhras ort a tháinig ort ní ba mhó ná dhá lá tar éis duit an vacsaín a fháil, nó a mhaireann níos faide ná dhá lá, ba cheart duit tú féin a fhéinleithlisiú agus tástáil COVID-19 a fháil.

## Ar cheart dom an vacsaín a fháil má tá teocht ard orm?

Níor cheart. Ba cheart duit an vacsaíniú a chur siar má tá fiabhras ort (teocht 38 céim Celsius nó níos airde), go dtí go n-aireoidh tú níos fearr.

## Ar cheart dom an vacsaín a fháil má tá mé ag iompar clainne nó i mbun beathú cíche?

Ní mholtar Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 do mhná atá ag iompar clainne. Cuirfead vacsaín eile ar fáil duit. Labhair le d'obstatraí nó le do dhochtúir teaghlaigh faoi vacsaín eile in aghaidh COVID-19 a fháil.

Is féidir leat Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 a fháil má tá tú i mbun beathú cíche.

## Cén vacsaín atá á tairiscint dom?

Tugtar Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 ar an vacsaín atá á tairiscint againn duit. Is é Janssen a dhéanann an vacsaín áirithe seo a mhonarú.

Vacsaín veicteora víreasaigh is ea í, a bhfuil leagan neamhdhíobhálach de víreas eile ann (an veicteoir). Múinfidh sé sin do do chorp cén chaoi próitéin a dhéanamh a spreagfaidh freagairt imdhíonachta ionat.

Ansin tosóidh do chorp ag táirgeadh antasubstaintí, a dhéanfaidh a gcion féin le troid in aghaidh an ionfhabhtaithe má thagann COVID-19 isteach i do chorp amach anseo.

## An bhfuil an vacsaín slán sábháilte?

Ní úsáideann FSS ach vacsaíní a chomhlíonann na caighdeáin riachtanacha ó thaobh sábháilteachta agus éifeachtúlachta de.

Cé gur forbraíodh na vacsaíní in aghaidh COVID-19 i bhfad ní ba ghasta ná mar is gnách, chuaigh an vacsaín atá á tairiscint againn duit trí na gnáthchéimeanna uile is gá lena chruthú go bhfuil sí idir shábháilte agus éifeachtach.

Le húsáid na vacsaíne in aghaidh COVID-19 a cheadú, shásaigh sí na trialacha cliniciúla agus na seiceálacha sábháilteachta go léir nach mór do gach cógas ceadúnaithe eile a shásamh, agus shásaigh amhlaidh de réir caighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta.

Tugtar Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 ar an vacsaín atá á tairiscint againn duit.

Maidir leis an vacsaín:

- ✓ Rinneadh í a thástáil ar na mílte daoine mar chuid de thrialacha cliniciúla
- ✓ Shásaigh sí dianchaighdeáin sábháilteachta, cháilíochta agus éifeachtúlachta, agus tá sí formheasta agus ceadaithe ag rialtóirí. I gcás na hÉireann, is í an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach an rialtóir – téigh chuig [www.ema.europa.eu](http://www.ema.europa.eu) le tuilleadh eolais a fháil.

## Cén chaoi a dtugtar an vacsaín in aghaidh COVID-19?

Tugtar an vacsaín mar instealladh isteach in uachtar do ghéige láimhe. Ní thógfaidh sé ach cúpla nóiméad.

## Cé mhéad dáileog den vacsaín a bheidh ag teastáil uaim?

Beidh aon dáileog amháin den vacsaín seo ag teastáil uait le cosaint fhadmharthanach a fháil.

## Céard iad na fo-iarmhairtí atá ag dul leis an vacsaín?

Amhail gach cógas, is féidir le vacsaíní a bheith ina gcúis le fo-iarmhairtí. Tá an chuid is mó díobh sin éadrom nó measartha, gearrthéarmach, agus ní fhaigheann gach duine iad.

D'fhéadfadh na fo-iarmhairtí seo a leanas a bheith ar ní ba mhó ná duine amháin as gach deichniúr:

- tuirse
- pian sa ghéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne dóibh
- tinneas cinn
- pian sna matáin
- samhnas

D'fhéadfadh baill dhearga nó at ar láthair an insteallta, pian sna hailt, casacht nó fiabhras (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn) a bheith ann i gcás ní ba mhó ná duine amháin as gach 100 duine.

D'fhéadfadh pian droma, easpa fuinnimh, laige matáin, pian sna géaga, pian sa scornach, gríos craicinn, sraothartach, cur allais nó creathán a bheith ann i gcás ní ba mhó ná duine amháin as gach 1,000 duine.

D'fhéadfadh gríos craicinn dearg, tochasach a bheith ann i gcás ní ba mhó ná duine amháin as gach 10,000 duine.

Ní fheictear fo-iarmhairtí tromchúiseacha, amhail frithghníomhú trom ailléirgeach, ach go han-annamh, i.e. in thart ar dhuine as gach 100,000. Tá oiliúint curtha ar do vacsaíneoir le cóir leighis a chur ar othair atá buailte ag frithghníomhuithe troma ailléirgeacha den sórt sin.

I gcásanna an-annamh, d'fhéadfadh téachtáin fola neamhghnácha agus líon íseal pláitíní san fhuil a bheith ann i gcás duine amháin as gach 300,000 duine. D'fhéadfadh duine amháin as gach deichniúr de na daoine sin bás a fháil. Tá baol an reachta an-annamh seo níos airde i measc daoine óga, mná óga go háirithe.

I líon an-íseal cásanna, tháinig an siondróm sceite ribeadán ar dhaoine tar éis dóibh an vacsaín seo a fháil. Is riocht tromchúiseach ach an-annamh é, a bhíonn ina chúis le bás uaireanta.

Tháinig Siondróm Guillain-Barré ar líon an-íseal daoine tar éis na vacsaíne seo. Is ríocht é a d'fhéadfadh a bheith tromchúiseach agus caithfear cóir leighis a fháil san ospidéal.

Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh nó do vacsaíneoir maidir leis na rioscaí agus na buntáistí atá ag baint leis an vacsaín seo.

Shásaigh an vacsaín in aghaidh COVID-19 na trialacha cliniúla agus na seiceálacha sábháilteachta céanna agus nach mór do gach vacsaín cheadúnaithe eile a shásamh, ach is vacsaín nua í mar sin féin agus níl fáil ach ar mhéid teoranta faisnéise maidir leis na fo-iarmhairtí fadtéarmacha.

Mar a gheobhaidh níos mó agus níos mó daoine in Éirinn agus ar fud an domhain an vacsaín seo, glactar leis go mbeidh fáil ar a thuilleadh faisnéise maidir leis na fo-iarmhairtí. Nuashonróidh FSS an fhaisnéis ar ár láithreán gréasáin go rialta, agus más gá, nuashonróidh freisin na bileoga eolais a thugtar do dhaoine tráth a vacsaínithe.

## Fiabhras tar éis na vacsaíne

Is iomaí duine a dtagann fiabhras air tar éis vacsaín a fháil. Is iondúil go dtarlaíonn sé sin laistigh de dhá lá (48 uair an chloig) tar éis an vacsaín a fháil, agus imíonn sé laistigh de dhá lá.

Má airíonn tú míchompordach, tóg paraicéiteamól nó iobúpróifein de réir na dtreoracha ar an mbosca nó ar an mbileoigín eolais. Faigh comhairle leighis má bhíonn imní ort.

## Siomptóim na dtéachtán fola an-annamh

Cé go bhfuil riosca na dtéachtán fola agus an lín ísíl pláitíní san fhuil an-íseal go deo, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh.

Faigh cabhair leighis ar bhonn práinne má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 a fháil:

- giorra anála
- pian sa chliabhrach nó sa bholg
- at nó fuacht i gcós
- tinneas cinn atá trom nó ag dul in olcas, radharc doiléir, mearbhall nó taomanna
- fuiliú gan stad faoin gcráiceann nuair nach raibh aon ghortú ann roimhe sin
- roinnt baill ghorma bheaga, spotáí dearga nó corcra, nó spuaiceanna fola faoi bhun an chraicinn

Is gnách gur tuairiscíodh na téachtáin fola an-annamh agus an líon íseal pláitíní san fhuil laistigh de 14 lá tar éis Vacsaín Janssen in aghaidh COVID-19 a fháil. Bí ag faire amach do na siomptóim seo sna seachtainí tar éis do vacsaínithe.

## Siomptóim an tsiondróim sceite ribeadán an-annamh

Bíonn an siondróm sceite ribeadán ina chúis le sceitheadh sreabháin ó fhuileadáin bheaga. Cé go bhfuil riosca an reachta seo an-íseal go deo, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi na comharthaí le bheith ag faire amach dóibh.

Faigh cabhair leighis ar bhonn práinne má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort tar éis an vacsaín Janssen a fháil:

- at tapa na ngéag (lámha agus cosa)
- meáchan a chur suas go tobann

D'fhéadfá mothú lag chomh maith de dheasca brú íseal fola.

Is gnách gur tuairiscíodh siondróm sceite ribeadán laistigh de 4 lá tar éis na vacsaíne

Janssen a fháil. Bí ag faire amach do na siomptóim seo sna laethanta tar éis do vacsaínithe.

## Siomptóim Shiondróm Guillain-Barré

Is riocht é Siondróm Guillain-Barré a chuireann isteach ar néaróga sa chorp. Bíonn sé ina chúis le hathlasadh néaróg agus d'fhéadfadh pian, fuairnimh, laige matáin agus deacracht siúl a bheith ann mar thoradh air.

Faigh cóir leighis ar bhonn práinne

- má bhíonn amharc dúbailte ort nó má bhíonn sé deacair ort do shúile a bhogadh
- má bhíonn sé deacair ort cogaint
- má bhíonn fadhbanna comhordaithe ort, má bhíonn tú míshocair ar do chosa nó má bhíonn sé deacair ort siúl
- má mhothaíonn tú laige agus pairilis i do lámha, do chosa, do chliabhrach nó d'aghaidh
- má mhothaíonn tú griofadach i do lámha nó do chosa
- má bhíonn fadhbanna agat le rialú do lamhnáin nó le feidhmiú do phutóige

## An bhfuil daoine áirithe ann nár cheart dóibh an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil?

**Tá. Níor cheart duit an vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil:**

- ✗ má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat roimhe seo i leith aon cheann de chomhábhair na vacsaíne (polasorbáit 80 ina measc). Tá liosta na gcomhábhar le fáil i mBileog Eolais an Mhonaróra d'Othair.
- ✗ má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach agat tar éis dáileog eile den vacsaín seo nó de Vacsaín AstraZeneca in aghaidh COVID-19 (Vaxzevria).
- ✗ má bhí téachtáin fola agus líon íseal pláitíní ort tar éis dáileog eile de Vacsaín AstraZeneca in aghaidh COVID-19 (Vaxzevria).
- ✗ má d'inis Dochtúir duit gan Vacsaín AstraZeneca in aghaidh COVID-19 (Vaxzevria) a fháil ar chúiseanna leighis.



✘ má bhí siondróm sceite ribeadán ort roimhe seo.

Labhair le do Dhochtúir sula bhfaighidh tú an vacsaín in aghaidh COVID-19 má bhí frithghníomhú trom ailléirgeach (anaifiolacsas) agat roimhe seo, lena n-áirítear frithghníomhú trom ailléirgeach i leith vacsaín nó cógas eile.

Beidh mórchuid na ndaoine in ann an vacsaín a fháil go slán sábháilte. Beidh an vacsaíneoir lánsásta aon cheist a bheidh agat a fhreagairt duit ag do choinne vacsaínithe.

Tabharfaidh sé nó sí bileog comhairle iarchúraim duit freisin, chomh maith le cárta taifid vacsaínithe ar a mbeidh ainm agus baiscuimhir na vacsaíne a tugadh duit.

## **Tá mé faoi bhun 50 bliain d'aois. Ar cheart dom an vacsaín seo a fháil?**

Moltar vacsaín Pfizer/BioNTech nó vacsaín Moderna do dhaoine atá faoi bhun 50 bliain d'aois. Bíodh sin mar atá, tá an vacsaín seo ceadaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach lena húsáid i measc daoine 18 mbliana d'aois agus os a chionn.

Labhair le do vacsaíneoir, Dochtúir Teaghlaigh nó Cógaiseoir maidir leis na rioscaí agus na buntáistí atá ag baint leis an vacsaín seo i do chás-sa.

Má fhaigheann tú an vacsaín seo, tá sé tábhachtach go mbeifeá ar an eolas faoi shiomptóim na dtéachtán fola an-annamh ionas go mbeadh a fhios agat cathain is gá cabhair leighis a fháil. Tá liosta na siomptóm tugtha sa bhileog eolais seo.

## **Cá fhad a thógann sé ar an vacsaín tosú ag obair?**

Tógann sé 14 lá ar an vacsaín le tosú ag obair. Tá seans fós ann go dtolgfaidh tú COVID-19 fiú tar éis an vacsaín a fháil.

## **An oibríonn an vacsaín i ngach duine?**

Tugann vacsaíní idir 2 agus 3 mhilliún duine ar a laghad saor ón mbás gach uile bhliain ar fud na cruinne, agus cosnaíonn siad go leor leor eile ar ghalair a mhaireann ar feadh an tsaoil. Tá vacsaíní in aghaidh COVID-19 faighte ag na milliúin daoine ar fud an domhain.

Tá fianaise láidir, iontaofa ann go laghdaíonn na vacsaíní in aghaidh COVID-19 go mór an riosca go dtolgfá COVID-19. Bealach iontach éifeachtach iad le básanna agus breoiteacht thromchúiseach de bharr COVID-19 a chosc.

Má tá córas lagaithe imdhíonachta agat, níl aon riosca breise ag baint leis an vacsaín, ach b'fhéidir nach n-oibreodh sé chomh maith céanna duitse.

## **Tar éis dom an vacsaín a fháil, an é nach mbeidh mé in ann COVID-19 a scaipeadh ar dhaoine eile?**

Níl a fhios againn go fóill an féidir le daoine vacsaínithe an víreas a scaipeadh ar dhaoine eile. Sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin go leanfaimis orainn ag cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí le stop a chur le scaipeadh an víris.

Thar aon ní eile, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh go fóill:

- cloí leis an treoirlíne maidir le scaradh sóisialta (fan dhá mhéadar amach ó dhaoine eile nuair is féidir)
- cumhdach aghaidhe a chur ort
- do lámha a ní go rialta

**Go raibh maith agat as tú féin agus daoine eile a chosaint.**

## Cá fhad a mhairfidh an imdhíonacht ón vacsaín?

Ní fios go fóill cá fhad a mhairfidh an imdhíonacht. Tá trialacha cliniúla ar bun faoi láthair leis an gceist sin a fhuascailt.

## Tuilleadh eolais

Léigh Bileog Eolais an Mhonaróra d'Othair le tuilleadh eolais a fháil. Cuirfear í sin i gcló duit ar lá do vacsaínithe, nó is féidir leat teacht uirthi ar

**[www.hse.ie/covid19vaccinePIL](http://www.hse.ie/covid19vaccinePIL)**

Is féidir leat labhairt le gairmí cúraim sláinte faoin vacsaín freisin – do Dhochtúir Teaghlaigh, do Chógaiseoir nó duine de d'fhoireann cúraim sláinte, cuir i gcás.

Is féidir leat dul chuig láithreán gréasáin FSS freisin ag

**[www.hse.ie/covid19vaccine](http://www.hse.ie/covid19vaccine)** nó glao a chur ar HSELive ar **1800 700 700**.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19, lena n-áirítear eolas i bhformáidí agus i dteangacha eile, téigh chuig

**[www.hse.ie/covid19vaccinematerials](http://www.hse.ie/covid19vaccinematerials)**

## Cén chaoi ar féidir liom fo-iarmhairtí a thuairisciú?

Mar is amhlaidh i gcás gach vacsaíne, is féidir leat fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte.

Is é an t-údarás rialála i bPoblacht na hÉireann é maidir le cógais, gairis leighis agus táirgí sláinte eile. Mar chuid dá ról i monatóireacht a dhéanamh ar chógais ó thaobh sábháilteachta de, oibríonn an tÚdarás córas trínar féidir le gairmithe cúraim sláinte nó baill den phobal aon fhrithghníomhú díobhálach (fo-iarmhairt) amhrasta a bhaineann le cógais agus vacsaíní a tharla in Éirinn a thuairisciú.

Molann an tÚdarás go láidir go ndéanfaí gach frithghníomhú díobhálach (fo-iarmhairt) amhrasta a bhaineann le vacsaíní in aghaidh COVID-19 a thuairisciú d'fhonn tacú leis monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a n-úsáid shábháilte, éifeachtach. Le frithghníomhú díobhálach amhrasta a bhaineann leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a thuairisciú, téigh chuig **[www.hpra.ie/report](http://www.hpra.ie/report)**.

Is féidir leat iarraidh ar do Dhochtúir nó ar bhall teaghlaigh é sin a thuairisciú thar do cheann freisin. Ba cheart a oiread faisnéise agus is eol a chur ar fáil, agus nuair is féidir, ba cheart baiscuimhir na vacsaíne a lua chomh maith. Ní féidir

leis an Údarás comhairle chliniciúil a chur ar fáil maidir le cásanna ar leith. Ba cheart do bhaill an phobail teagmháil a dhéanamh lena ngairmí cúraim sláinte (a nDochtúir nó a gCógaiseoir) má bhíonn aon cheist leighis acu.

## Do chuid faisnéise pearsanta

Leis an vacsaín a thabhairt do dhaoine ar bhealach slán sábháilte agus leis an bhfaisnéis uile a thairfeadh is gá le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an vacsaín, beidh FSS ag próiseáil do chuid faisnéise pearsanta. Déanfaidh FSS an fhaisnéis go léir a phróiseáil de réir na ndlíthe ginearálta agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí go háirithe, a tháinig i bhfeidhm in 2018.

Beidh próiseáil do chuid sonraí idir dhleathach agus chothrom. Ní dhéanfar iad a phróiseáil ach amháin chun críche vacsaíniú a bhainistiú. Tá Prionsabal an Íoslaghdaíthe Sonraí i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin nach dtairfeadh ach na sonraí a bheidh ag teastáil le tú a aithint, do choinne a chur in áirithe, do vacsaíniú a thairfeadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí.

Mar dhuine is ábhar do shonraí, tá na cearta seo a leanas agat faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i leith na sonraí pearsanta agat a dhéantar a phróiseáil.

- Faisnéis maidir le do shonraí pearsanta agus rochtain orthu a iarraidh (ar a dtugtar 'iarratas duine ar a s(h)onraí' de ghnáth). Cuirtear ar do chumas leis sin cóip de na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn maidir leat a fháil agus a chinntiú go bhfuil siad á bpróiseáil de réir an dlí againn.
- A iarraidh go ndéanfaí na sonraí pearsanta atá againn maidir leat a cheartú. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh go ndéanfaí aon fhaisnéis neamhiomlán nó mhíchruinn atá againn maidir leat a cheartú.
- Léirsciosadh do chuid sonraí pearsanta a iarraidh. Cuirtear ar do chumas leis sin a iarraidh orainn sonraí pearsanta a scriosadh nó a bhaint i gcás nach mbeidh aon chúis mhaith againn le leanúint lena bpróiseáil. Tá sé de cheart agat chomh maith iarraidh orainn do chuid faisnéise pearsanta a scriosadh nó a bhaint i gcás gur fheidhmigh tú do cheart le cur i gcoinne a próiseála.
- Cur i gcoinne phróiseáil do chuid sonraí pearsanta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar [www.hse.ie/eng/gdpr](http://www.hse.ie/eng/gdpr)



**VACSÁIN  
COVID-19**  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

Arna fhoilsiú ag FSS  
an 29 Iúil 2021

Bíonn an fhaisnéis is déanaí le fáil  
ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)



**Rialtas na hÉireann**  
Government of Ireland